Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5910/22**
**ADD 1**

**AELE 4**
**EEE 4**
**N 3**
**ISL 3**
**FL 3**
**MI 75**
**ENER 39**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 33 final - IARSCRÍBHINN 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca leis an leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 33 final - IARSCRÍBHINN 1.

---

Faoi iamh: COM(2022) 33 final - IARSCRÍBHINN 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2022
COM(2022) 33 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca leis an leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh)**

## IARSCRÍBHINN

## DRÉACHT-CHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh.** […]

**an** […]

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh[1] ('EPBD') le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) I ngeall ar shainiúlachtaí stoc foirgneamh aonfhoirmeach na hÍoslainne, ar stoc é atá sách nua, comhaontaítear ar dhíolúine shealadach choinníollach ó Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur i bhfeidhm. Tá feidhm ag an díolúine seo maidir le Treoir 2010/31/AE, mar a bhí sí i bhfeidhm roimh an leasú le Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 agus tá teorainn dhocht ama leis an díolúine go dtí go dtiocfar ar chomhaontú maidir le hionchorprú Threoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844.

(3) I gcomhréir leis an tíopeolaíocht aeráide agus foirgneamh agus le líon fíorbheag an stoic foirgneamh i Lichtinstéin, déantar Lichtinstéin a dhíolmhú ón oibleagáid i ndáil lena ríomhanna féin a dhéanamh chun na leibhéil is fearr ó thaobh chostais na n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 5 de EPBD.

(4) Féadfaidh an Iorua agus Lichtinstéin rialacháin a leagan síos maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh trí úsáid a bhaint as teorainn chórais eile seachas an úsáid fuinnimh phríomha, arb í an teorainn a cheanglaítear faoi EPBD, ar choinníoll, áfach, go gcomhlíontar na coinníollacha a shonraítear faoi Airteagal 1(c) den chinneadh seo.

(5) Maidir leis na torthaí a bheidh ar an gcóras deimhniúcháin um fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh arna oibriú ag an úsáideoir, chun a áirithiú go mbeidh na torthaí sin coibhéiseach le torthaí na ndeimhnithe arna n-eisiúint ag saineolaithe neamhspleácha mar a cheanglaítear le hAirteagal 17 de EPBD, moltar an t-oiriúnú faoi Airteagal 1(d).

(6) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

---

[1] IO L 153, 18.6.2010, lch. 13.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 17 (Treoir (CE) Uimh. 2002/91 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32010 L 0031**: Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, cuirfear isteach i bhforálacha na Treorach na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) Ní bheidh feidhm ag an Treoir maidir leis an Íoslainn.

(b) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 5(2):

'Chun na leibhéil is fearr ó thaobh chostais na n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh a bhunú, féadfaidh Lichtinstéin úsáid a bhaint as ríomhanna Páirtí Chonarthaigh eile a bhfuil paraiméadair chomparáideacha aige.'

(c) Chun críoch Airteagal 9(3)(a) agus Iarscríbhinn I a ghabhann le EPBD, féadfaidh Lichtinstéin agus an Iorua a gceanglais maidir le húsáid fuinnimh a bhunú ar ghlanfhuinneamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha agus na coimircí seo a leanas:

(i) Socraítear na ceanglais feidhmíochta fuinnimh i gcomhréir le ceanglais Airteagal 5 de EPBD, trí bhunphrionsabail an chreata modheolaíochta a leanúint, creat a bunaíodh chun na leibhéil is fearr ó thaobh chostais na n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh a ríomh[2].

(ii) Foilsítear táscaire uimhriúil maidir le húsáid fuinnimh phríomha a chomhfhreagraíonn do na ceanglais feidhmíochta fuinnimh a shocraítear sa chód foirgnimh.

(iii) Forchoimeádann an Coimisiún an ceart féachaint arís ar an oiriúnú sonrach sin i gcomhthéacs na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo maidir le EPBD arna leasú le Treoir (AE) 2018/844.

(d) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 17:

'Féadfaidh na Stáit CSTE córas deimhniúcháin simplithe um fheidhmíocht fuinnimh arna oibriú ag an úsáideoir a bhunú le haghaidh foirgnimh chónaithe, ar córas é is féidir a úsáid mar rogha mhalartach seachas saineolaithe a úsáid má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) Tá eolas cuimsitheach ann agus rochtain ar shonraí ardcháilíochta maidir leis an stoc foirgneamh cónaitheach ina iomláine, lena n-áirítear tíopeolaíochtaí agus bandaí aoise uile na bhfoirgneamh, agus saintréithe an imchlúdaigh foirgnimh agus na gcóras teicniúil foirgnimh atá in úsáid de

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta comparáidí a bhunú chun na leibhéil is fearr ó thaobh chostais na n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh agus gnéithe tógála a ríomh.

réir tíopeolaíochta, rud a fhágann gur féidir feidhmíocht fuinnimh foirgneamh aonair agus aonad foirgneamh aonair a ríomh le leibhéal ard cinnteachta ar bhonn an ionchuir ó úsáideoirí,

(ii) Tá faisnéis mhionsonraithe ar fáil faoi na feabhsuithe is fearr ó thaobh costas nó faoi na feabhsuithe costéifeachtacha le haghaidh gach tíopeolaíochta foirgnimh,

(iii) Tá bearta i bhfeidhm chun tacú le húsáideoirí an córas a oibriú chun deimhnithe foirgnimh a eisiúint trí bhíthin an chórais. Féadfar a áireamh ar na bearta sin líne chabhrach nó seirbhísí comhairleacha, ar rudaí iad a fhágfaidh go mbeidh na húsáideoirí in ann teagmháil a dhéanamh le chéile ar thaobh amháin, agus go mbeidh saineolaithe neamhspleácha in ann teagmháil a dhéanamh le saineolaithe córais ar an taobh eile,

iv) Chun a áirithiú gur diomaibhseach an riosca a bheidh ann go ndéanfar na torthaí a chúbláil, áirítear sa chóras deimhniúcháin arna oibriú ag an úsáideoir sásraí rialaithe agus fíoraithe cáilíochta chun sonraí ionchuir na n-úsáideoirí a sheiceáil agus lena sheiceáil go bhfuil sonraí ionchuir na n-úsáideoirí trédhearcach,

v) Tá córais rialaithe neamhspleácha i bhfeidhm chun a áirithiú, i dtaca leis na torthaí a bheidh ar an gcóras deimhniúcháin um fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh arna oibriú ag an úsáideoir, go mbeidh na torthaí sin coibhéiseach le torthaí na ndeimhnithe arna n-eisiúint ag saineolaithe neamhspleácha, ó thaobh cáilíochta agus iontaofachta de,

vi) Leis an gcóras arna oibriú ag an úsáideoir eisítear moltaí a d’fhéadfadh comhairle a chur ar na húsáideoirí maidir leis na feabhsuithe is fearr ó thaobh costas nó na feabhsuithe costéifeachtacha a bhaineann go sonrach lena bhfoirgnimh agus lena n-aonaid foirgnimh.’

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla iad Treoir 2010/31/AE san Íoslainnis agus san Ioruais, ar téacsanna iad atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha ina leith*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE agus i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*